

Eleathanach242

Dé Luain 10 Deireadh Fómhair 2016



Justin Bieber

Tá Justin Bieber in Amsterdam faoi láthair. Tá Justin dhá bhliain is fiche d'aois. D'ól sé cupán caife in Amsterdam Dé hAoine.

Chaith sé spéaclaí gréine, féasóg bhréagach agus bhí gruaig bhréagach air. Ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh aithne ag aon duine air!

Bhí sé ag imirt peile in Amsterdam freisin. Tá sé ar camchuart san Ísiltír faoi láthair. Rachaidh sé go Londain ansin.

Beidh ceithre cheolchoirm ar siúl aige i Londain. Is breá lena lán páistí a amhrán 'Sorry'. Níl sé ag siúl amach le Sofia Riche níos mó.



Chaith Justin Bieber spéaclaí gréine, féasóg bhréagach agus bhí gruaig bhréagach air freisin!



Bhí an-áthas ar James Mc Clean tar éis dó an tríú cúl a scóráil!

Cúrsaí Spóirt

Bhí an dara cluiche ag foireann sacair Phoblacht na hÉireann tráthnóna Domhnaigh. Bhí an cluiche ar siúl sa Mholdóiv. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Poblacht na hÉireann 3 - An Mholdóiv 1.

Tá Poblacht na hÉireann sa dara háit anois i Roinn D. Scóráil James McClean an tríú cúl sa chluiche do na buachaillí sa ghlás! Bhí an lucht féachana ar bís.


Bhí an cluiche níos fearr ná an cluiche a bhí ar siúl sa Staid Aviva Déardaoin seo caite. Bhí siad ag imirt in aghaidh na Seoirsia. Bhuaigh siad! An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Poblacht na hÉireann 1 - an tSeoirsia 0.

Beidh siad ag imirt san Ostair an mhí seo chugainn. Tá súil againn go rachaidh Poblacht na hÉireann chuig an gCorn Domhanda!

Storks

Sa scannán nua seo **Storks** tá guthanna na n-aisteoirí seo le cloisteáil; Andy Samberg, Katie Crown, Kelsey Grammer, Jennifer Aniston, Ty Burrell.

Is cartún é seo agus taitneoidh sé go mór libh! Tá sé bunaithe ar an seanscéal béaloidis faoi na stoirc agus faoin mbealach ar thug siad babaithe nua do thuismitheoirí. Tá an scannán sna pictiúrlanna anois!



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscoláiochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
OÉMN, i gcompháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

